2023/2633

23.11.2023

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2023/2633 ÓN gCOIMISIÚN

an 20 Samhain 2023

lena socraítear an chonair líonta lena ngabhann spriocanna idirmheánacha le haghaidh 2024 do gach Ballstát a bhfuil saoráidí stórála gáis faoi thalamh acu ar a chríoch féin atá idirnasctha go díreach lena limistéar margaidh

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2017/1938 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2017 maidir le bearta chun slándáil an tsoláthair gáis a choimirciú agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 994/2010 ([1]), arna leasú le Rialachán (AE) 2022/1032 ([2]) ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Meitheamh 2022, agus go háirithe Airteagal 6a(7), an tríú fomhír, de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Tar éis an fhogha mhíleata a thug an Rúis faoin Úcráin agus i bhfianaise na féidearthachta go gcuirfear isteach go fadtréimhseach ar sholáthairtí gáis ón Rúis nó go gcuirfear stop iomlán leo, thug an tAontas Eorpach faoi thionscnaimh chun méadú a dhéanamh ar a ullmhacht i gcoinne suaitheadh den sórt sin chun saoránaigh agus geilleagar an Aontais a chosaint.

(2) Sa chomhthéacs sin, glacadh Rialachán (AE) 2022/1032 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle d'fhonn a áirithiú go líonfar saoráidí stórála gáis na mBallstát le haghaidh thréimhse an gheimhridh 2022-2023 agus ina dhiaidh sin.

(3) I gcás 2023 agus na mblianta ina dhiaidh sin, foráiltear le fomhír 1 d'Airteagal 6a(7) de Rialachán (AE) 2017/1938 go ndéanfaidh gach Ballstát ag a bhfuil saoráidí stórála gáis faoi thalamh dréachtchonair líonta lena ngabhann spriocanna idirmheánacha do mhí Feabhra, mí na Bealtaine, mí Iúil agus mí Mheán Fómhair, lena n-áirítear faisnéis theicniúil, a chur faoi bhráid an Choimisiúin i bhfoirm chomhiomlánaithe, faoin 15 Meán Fómhair den bhliain roimhe sin, maidir leis na saoráidí sin atá ar a chríoch féin agus atá idirnasctha go díreach lena limistéar margaidh. Beidh an chonair líonta agus na spriocanna idirmheánacha bunaithe ar an meánráta líonta le linn na 5 bliana roimhe sin.

(4) Sonraítear i bhfomhír 3 d'Airteagal 6a(7) de Rialachán (AE) 2017/1938, bunaithe ar an bhfaisnéis theicniúil arna soláthar ag gach Ballstát agus an measúnú ón nGrúpa Comhordaithe Gáis á chur san áireamh, gur gá don Choimisiún gníomhartha cur chun feidhme lena socraítear an chonair líonta do gach Ballstát a ghlacadh faoin 15 Samhain den bhliain roimhe sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 18a(2) den Rialachán thuasluaite. Tugann coiste coisteolaíochta dá dtagraítear in Airteagal 18a(1) de Rialachán (AE) 2017/1938 cúnamh don Choimisiún, an 'Coiste um Stóráil Gáis'.

(5) Tá an Coimisiún le gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh faoin 15 Samhain 2023 lena socraítear na conairí líonta le haghaidh na mBallstát a bhfuil saoráidí stórála gáis faoi thalamh acu le haghaidh 2024. I bhfianaise na srianta ama maidir le glacadh na ngníomhartha cur chun feidhme sin, ba cheart gníomh cur chun feidhme amháin a ghlacadh i leith na mBallstát uile lena mbaineann.

(6) I bhfianaise na héiginnteachta airde a mhéid a bhaineann le slándáil ghinearálta staid an tsoláthair gáis agus forbairt an éilimh ar ghás agus forbairt an tsoláthair gáis san Aontas agus sna Ballstáit aonair, na cásanna éagsúla tomhaltais de réir teochtaí geimhridh, agus méid na mbeart deonach maidir le laghdú ar éileamh a chuir na Ballstáit chun feidhme bunaithe ar Airteagal 3 de Rialachán (AE) 2022/1369 ón gComhairle ([3]), arna shíneadh ina dhiaidh sin le Rialachán (AE) 2023/706 ón gComhairle ([4]), ba cheart spriocanna íosta idirmheánacha atá indéanta go teicniúil a

([1]) IO L 280, 28.10.2017, lch. 1.
([2]) Rialachán (AE) 2022/1032 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Meitheamh 2022 lena leasaítear Rialacháin (AE) 2017/1938 agus (CE) Uimh. 715/2009 i dtaca le stóráil gáis (IO L 173, 30.6.2022, lch. 17).
([3]) Rialachán (AE) 2022/1369 ón gComhairle an 5 Lúnasa 2022 maidir le bearta comhordaithe maidir le laghdú ar éileamh ar ghás (IO L 206, 8.8.2022, lgh. 1-10).
([4]) Rialachán (AE) 2023/706 ón gComhairle an 30 Márta 2023 lena leasaítear Rialachán (AE) 2022/1369 a mhéid a bhaineann le síneadh a chur leis an tréimhse laghdaithe éilimh i gcás bearta laghdaithe éilimh le haghaidh gáis agus cur chun feidhme an tuairiscithe agus an fhaireacháin ar na bearta sin a threisiú (IO L 93, 31.3.2023, lch. 1).

bheith sna conairí líonta a leagtar síos sa Rialachán Cur Chun Feidhme seo, ar spriocanna iad lena gcuirfear ar chumas na mBallstát an sprioc líonta de 90 % a bhaint amach faoin 1 Samhain 2024.

(7) Ba cheart na conairí líonta a chuir na Ballstáit isteach, a mhéid agus is féidir, agus meánráta líonta na mBallstát le linn na 5 bliana roimhe sin a chur san áireamh sna conairí líonta. Ba cheart cuar acmhainne comhiomláine insteallta láithreáin stórála gach Ballstáit a chur san áireamh i bhféidearthacht theicniúil na spriocanna idirmheánacha a leagtar amach sa Rialachán Cur Chun Feidhme seo. Ba cheart na spriocanna sin a shocrú ar bhealach lena gcosnófar slándáil an tsoláthair gáis ar leibhéal an Aontais, agus lena seachnófar ag an am céanna ualaigh nach bhfuil gá leo a chur ar na Ballstáit, ar rannpháirtithe sa mhargadh gáis, ar oibreoirí córais stórála nó ar chustaiméirí agus gan an iomaíocht idir na saoráidí stórála atá lonnaithe i mBallstáit chomharsanachta a shaobhadh go míchuí.

(8) Is spriocanna tábhachtacha iad spriocanna idirmheánacha an 1 Feabhra agus an 1 Bealtaine 2024 maidir le slándáil an tsoláthair le linn na bliana gáis atá le teacht. Sprioc mhí Feabhra a shocrú ar mheánráta íosta an Aontais 45 %, is é is aidhm dó slándáil an tsoláthair gáis a dhaingniú trí inseachadtacht ard a áirithiú ón stóráil i mí na Nollag 2023 agus i mí Eanáir 2024 nuair a bheidh éileamh ard ar ghás, agus an t-ídiú stórála a sheachaint i mí Feabhra agus i mí an Mhárta 2024. Go háirithe, ba cheart solúbthacht a bheith ann i míonna luatha an gheimhridh i gcás geimhreadh atá níos fuaire ná mar a bhíonn ar an meán. Mar sin féin, i bhfianaise Ionchais maidir le Soláthar Geimhridh ENTSOG, ba cheart do na Ballstáit a ndícheall a dhéanamh 55 % d'acmhainneacht na saoráidí stórála gáis faoi thalamh san Aontas a líonadh ar bhonn comhchoiteann chun cosc a chur ar staid chinnteacht an tsoláthair a d'fhéadfadh a bheith ina chúis le dearbhú rabhaidh ón Aontas de bhun Rialachán (AE) 2023/706 ón gComhairle agus bearta a ghlacadh ina dhiaidh sin ar thaobh an éilimh. Tá údar le sprioc idirmheánach leibhéal stórála 45 % an Aontais an 1 Bealtaine 2024 chun athlíonadh stórála a éascú i gcás éileamh níos airde agus/nó soláthar laghdaithe le linn samhradh 2024 agus mura mbainfí amach í, d'fhéadfadh sí a bheith ina riosca tromchúiseach nach mbainfidh sé amach an sprioc stórála 90 % an 1 Samhain 2024. I gcomhréir le Rialachán (AE) 2017/1938, meastar go gcomhlíontar spriocanna Rialachán (AE) 2017/1938 le leibhéil líonta a fhanann suas le cúig phointe céatadáin faoi bhun na sprice. I gcás ina bhfuil leibhéal líonta Ballstáit níos mó ná cúig phointe céatadáin faoi leibhéal a chonaire líonta, ba cheart don údarás inniúil bearta éifeachtacha a dhéanamh láithreach chun í a mhéadú. Ba cheart do na Ballstáit an Coimisiún agus an Grúpa Comhordaithe Gáis a chur ar an eolas maidir le bearta den chineál sin.

(9) Is féidir le conairí líonta a chuireann na Ballstáit isteach a bheith éagsúil óna chéile ós rud é go bhfuil siad ag teacht le cásanna a bhaineann go sonrach le tír faoi leith. Chomh maith leis sin, tá spriocanna stórála an 1 Bealtaine níos ísle de ghnáth ná spriocanna an 1 Feabhra ós rud é go bhfuil na haistarraingtí stórála nasctha leis an éileamh ar théamh agus go mbaineann stóráil teasa an t-íosmhéid amach ar leibhéal an Aontais thart ar mhí Aibreáin gach bliain.

(10) I gcás na mBallstát a thagann faoi Airteagal 6a(3) de Rialachán (AE) 2017/1938, ba cheart an sprioc líonta a laghdú de réir na toirte a soláthraíodh do thríú tíortha le linn na tréimhse tagartha 2016 go 2021 más rud é go raibh an mheántoirt a soláthraíodh níos mó ná 15 TWh in aghaidh na bliana le linn na tréimhse aistarraingthe stórála gáis (mí Dheireadh Fómhair – mí Aibreáin).

(11) Ba cheart do na Ballstáit an sprioc líonta 90 % dá saoráidí stórála a bhaint amach, sprioc dá dtagraítear i mír 1 d'Airteagal 6a de Rialachán (AE) 2017/1938, lena n-áirítear, go háirithe, tríd an éileamh a chomhiomlánú agus páirt a ghlacadh i sásra ceannaigh chomhpháirtigh, mar a leagtar amach sa Teachtaireacht ón gCoimisiún an 18 Deireadh Fómhair 2022 ([5]) agus i Rialachán (AE) 2022/2576 ón gComhairle ([6]) atá gaolmhar, má chuirtear síneadh leis (IO L 335, 29.12.2022, lgh. 1).

(12) Agus stóráil á líonadh acu, agus i bhfianaise na ndúshlán i gcomhair an tséasúir líonta in 2024, ba cheart do na Ballstáit an leas is fearr is féidir a bhaint as na huirlisí comhordúcháin uile atá ar fáil ar leibhéal an Aontais Eorpaigh. Agus Ardán an Aontais Eorpaigh um Cheannach Fuinnimh á úsáid chun an t-éileamh a chomhiomlánú d'fhonn gás a cheannach go comhpháirteach, féadtar rannchuidiú le líonadh stórála a chomhordú ar bhealach níos fearr ach síneadh a chur leis. Mar shampla, ba cheart do na Ballstáit a bheith ullmhaithe cheana féin chun páirt a ghlacadh i gcomhiomlánú éilimh le toirteanna substaintiúla chun an sprioc 90 % a bhaint amach.

(13) Cuirtear san áireamh freisin sna conairí líonta measúnú an Grúpa Comhordaithe Gáis, a ndeachthas i gcomhairle leis le linn a chruinnithe an 20 Meán Fómhair 2023 agus an 20 Deireadh Fómhair 2023.

([5]) Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, Eorpach, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste Eorpach na Réigiún, COM/2022) 553 final an 18 Deireadh Fómhair dar teideal An Éigeandáil Fuinnimh – ullmhú, ceannach, agus an tAontas Eorpach a chosaint in éineacht

([6]) Rialachán (AE) 2022/2576 ón gComhairle an 19 Nollaig 2022 lena cuirtear feabhas ar dhlúthpháirtíocht trí chomhordú níos fearr ar cheannacháin gáis, ar thagarmharcanna praghais iontaofa agus ar mhalartuithe gáis thar theorainneacha

(14) Léirítear leis an Rialachán seo conairí stórála na mBallstát a bhfuil saoráidí stórála gáis faoi thalamh acu, agus déantar foráil le hAirteagal 6c de Rialachán (AE) 2017/1938 maidir le hoibleagáidí eile do na Ballstáit nach bhfuil saoráidí stórála gáis faoi thalamh acu.

(15) I bhfianaise an ghá atá ann na conairí líonta le haghaidh 2024 a shocrú faoin 15 Samhain 2023, ba cheart an Rialachán seo a theacht i bhfeidhm lá a fhoilsithe in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.

(16) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste um Stóráil Gáis.

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Conairí líonta le haghaidh 2024

Leagtar amach san Iarscríbhinn na conairí líonta lena ngabhann spriocanna idirmheánacha le haghaidh 2024 do na Ballstáit a bhfuil saoráidí stórála gáis faoi thalamh ar a chríoch féin atá idirnasctha go díreach lena limistéar margaidh.

Airteagal 2

Teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 20 Samhain 2023.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

Conairí líonta lena ngabhann spriocanna idirmheánacha agus sprioc líonta le haghaidh 2024 do na Ballstáit a bhfuil saoráidí stórála gáis faoi thalamh acu [1]

Ballstát	Sprioc idirmheánach an 1 Feabhra	Sprioc idirmheánach an 1 Bealtaine	Sprioc idirmheánach an 1 Iúil	Sprioc idirmheánach an 1 Meán Fómhair	Sprioc líonta an 1 Samhain
AT	50 %	40 %	58 %	72 %	90 %
BE	30 %	5 %	40 %	78 %	90 %
BG	52 %	33 %	55 %	77 %	90 %
CZ	40 %	25 %	30 %	60 %	90 %
DE	45 %	10 %	30 %	65 %	90 %
DK	45 %	40 %	60 %	80 %	90 %
ES	59 %	60 %	66 %	80 %	90 %
FR	41 %	11 %	39 %	81 %	90 %
HR	46 %	29 %	51 %	83 %	90 %
HU	51 %	37 %	65 %	86 %	90 %
IT	45 %	36 %	54 %	72 %	90 %
LV	45 %	41 %	63 %	90 %	90 %
NL	43 %	30 %	50 %	68 %	90 %
PL	50 %	35 %	60 %	80 %	90 %
PT	70 %	70 %	80 %	80 %	90 %
RO	40 %	41 %	65 %	85 %	90 %
SE	59 %	30 %	61 %	79 %	90 %
SK	45 %	20 %	27 %	67 %	90 %

[1] Tá an Iarscríbhinn faoi réir oibleagáidí *pro rata* gach Ballstáit faoi Rialachán (AE)2017/1938, go háirithe Airteagail 6a, 6b agus 6c de. Maidir leis na Ballstáit a thagann faoi Airteagal 6a(2), déanfar an sprioc idirmheánach *pro rata* a ríomh tríd an luach a léirítear sa tábla a iolrú faoin uasteorainn 35 % agus tríd an toradh a roinnt ar 90 %.